Bhí bata ag Liam

Bhí bata ag Liam
Bhí úlla ar an chrann
"Ó," arsa Liam
"Ba mhaith liomsa ceann."

Chaith sé an bata
Suas ar an chrann.
Ach tháinig an bata
Anuas ar a cheann.



Níl Liam róshásta,
Tá úlla ar an chrann.
Níl rud ar bith ag Liam
Ach pian ina cheann.

An bhfaca tú mo Shéamaisín?

An bhfaca tú mo Shéamaisín,
Mo mhaicín óg, mo bhuachaillín?
An bhfaca tú mo Shéamaisín,
Is é ag dul síos an bóthar?

Níl bróg ar bith ar a dhá choisín,
Ar a dhá choisín, ar a dhá choisín.
Níl bróg ar bith ar a dhá choisín,
Níl hata air ná clóca.